Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13976/20**

**ENER 492**
**RECH 517**
**IND 266**
**CLIMA 348**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13714/20 +COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle “Ionsar mhargadh hidrigine don Eoraip” |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle "I dtreo margadh hidrigine don Eoraip", arna bhformheasadh trí nós imeachta i scríbhinn ag Comhairle an Aontais Eorpaigh an 11 Nollaig 2020.

**Conclúidí ón gComhairle**

Ionsar mhargadh hidrigine don Eoraip

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1 Á MHEABHRÚ DI

1.1 Gur thacaigh an Chomhairle Eorpach, ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2019, leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050 agus gur thug sí dá haire sa chomhthéacs sin an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, darb aidhm an Eoraip a bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050, agus dul i ngleic le caillteanas na bithéagsúlachta, agus leis an truailliú, agus athchóiriú a dhéanamh ar úsáid dhiomailteach acmhainní trí bhogadh ionsar gheilleagar níos ciorclaí.

1.2 Gur aontaigh an tAontas agus a chuid Ballstát, agus Comhaontú Pháras daingnithe, rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a thíolacadh chun a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go tapa chun an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go dtí i bhfad faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí á saothrú ag an am céanna chun an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5 °C.

1.3 Na Conclúidí ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh chun an t-aistriú fuinnimh agus gnóthú cuspóirí fuinnimh agus aeráide i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin a áirithiú, ina leagtar béim ar fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin sábháilte agus inbhuanaithe lena gcuirfear leis an dícharbónú; cúpláil earnála agus comhtháthú earnála a chur chun cinn; bacainní rialála a bhaint; agus an gá atá le poitéinseal hidrigine, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite, a mheasúnú chun go mbainfear an úsáid is fearr as bonneagair gáis an Aontais atá ann cheana mar chuid de chóras fuinnimh dícharbónaithe.

1.4 Líon agus uaillmhian straitéisí hidrigine náisiúnta is déanaí na mBallstát, atá ag dul i méid, chomh maith le tionscnaimh réigiúnacha maidir le hidrigin agus a thábhachtaí atá sé go ndéanfar straitéis chomhleanúnach chomhlántach ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme.

1.5 An teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Straitéis an Aontais um Chomhtháthú Córais Fuinnimh agus an teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *A Hydrogen Strategy for a climate-neutral Europe* [Straitéis Hidrigine um Eoraip aeráidneodrach] ar mhaithe le córas fuinnimh comhtháite a thógáil a bheidh oiriúnach don aeráidneodracht agus ina leagtar amach treochlár hidrigine don Aontas ina bhfuil cuspóirí do, i measc nithe eile, uas-scálú agus cur in úsáid leictrealóra, iomaíochas costais na hidrigine, go háirithe arna táirgeadh trí leictrealú, a fheabhsú, clár oibre infheistíochta comhfhreagrach, tograí chun an soláthar agus an t-éileamh a threisiú agus gnéithe do chreat margaidh agus bonneagair, iad uile leabaithe i ndearcadh iomlánaíoch faoi poitéinsil sineirgí níos láidre idir na hiompróirí fuinnimh agus earnálacha úsáide deiridh.

1.6 Tionscnamh Hidrigine Linz lenar thacaigh na Ballstáit go léir agus an Coimisiún Eorpach chomh maith le líon mór príomhghníomhaithe fuinnimh agus tionsclaíochta i mí Mheán Fómhair 2018, ina gcuirtear béim ar phoitéinsil na teicneolaíochta hidrigine inbhuanaithe do dhícharbónú ilearnálacha, don chóras fuinnimh agus do shlándáil fuinnimh fhadtéarmach an Aontais.

1.7 An Chomhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan, arb é is aidhm léi an comhar uile-Eorpach a fheabhsú trí oscailteacht, comhpháirtíocht, cuimsitheacht, éagsúlacht agus trédhearcacht agus an slabhra luacha hidrigine a uas-scálú ar fud na hEorpa trí phíblíne láidir tionscadail a bhunú lena ndíreofar ar Eoraip aeráidneodrach a bhaint amach.

1.8 An ról atá ag an gComhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin mar shárshampla den chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach i slabhraí luacha hidrigine, eadhon le haghaidh taighde, forbairt teicneolaíochta agus taispeántais.

1.9 Gur léirigh tuarascáil 2020 ar Staid an Aontais Fuinnimh ón gCoimisiún Eorpach go raibh gá le dul i ngleic leis an laghdú a chonacthas ar infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain d'fhonn cur le hacmhainneacht fhadtéarmach an fháis inbhuanaithe ag díriú ar thionscail agus ar nuálaithe san Aontas a fhorbróidh na teicneolaíochtaí glana is gá agus ar féidir leo iad a chur chun cinn ar fud an domhain.

1.10 Gur roghnaigh an Fóram Straitéiseach um Thionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) "Teicneolaíochtaí agus Córais Hidrigine" mar cheann de na slabhraí luacha straitéiseacha, atá bunriachtanach chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht an Aontais amach anseo a fheabhsú.

1.11 Ról lárnach na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus le haghaidh tús áite a thabhairt do na hinfheistíochtaí is gá amach anseo chun spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais, chomh maith le sprioc an Aontais maidir leis an aeráidneodracht do 2050, a bhaint amach.

1.12 An tionscnamh Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais, arb é is aidhm dó an t-aistriú fuinnimh ar oileáin Eorpacha a chur chun cinn.

2 AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI

2.1 Lena mhargadh inmheánach fuinnimh, lena n-áirítear reachtaíocht fuinnimh agus go háirithe an pacáiste 'Fuinneamh Glan do Gach Eorpach', go bhfuil an tAontas Eorpach in áit mhaith chun beart a dhéanamh de réir briathair ó thaobh na hiomaíochta de, méadú ar úsáid na héifeachtúlachta fuinnimh, foinsí inathnuaite fuinnimh agus slándáil fuinnimh níos fearr a chur ar fáil san Eoraip, lena léiríonn sí go bhfuil rún daingean aici an t-athrú aeráide a chomhrac agus, ag an am céanna, rogha na mBallstát a gcomhairle féin a dhéanamh faoi aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus faoina gcinneadh ceannasach maidir lena meascán fuinnimh a urramú.

2.2 Go n-imreoidh an earnáil fuinnimh ról suntasach chun cur le téarnamh eacnamaíoch na hEorpa tar éis COVID-19, as a dtiocfaidh aistriú cóir i dtreo fás inbhuanaithe agus aeráidneodrachta agus leas á bhaint as na deiseanna agus spreagadh chun nuachóiriú agus claochlú a dhéanamh trí chur ar chumas infheisteoirí príobháideacha agus poiblí a gcinntí infheistíochta a bhunú ar na teicneolaíochtaí a bheidh ag teastáil chun an t-aistriú chuig córas fuinnimh dícharbónúcháin a áirithiú.

2.3 Gur bearta éifeachtacha costéifeachtúla iad bearta laghdaithe fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh, úsáid dhíreach fuinnimh inathnuaite chomh maith le leictriú, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite, chun aistriú substaintiúil a dhéanamh i dtreo aeráidneodrachta i ngach earnáil ábhartha.

2.4 Go bhfuil réimsí ann ina n-úsáidtear breosla san iompar agus sa tionsclaíocht (lena n-áirítear mar bhunábhar) atá deacair dícharbónú a dhéanamh orthu ach amháin má chuirtear hidrigin, nó breoslaí, bunábhair nó ceimiceáin atá bunaithe ar hidrigin, in ionad an bhreosla sin.

2.5 An breisluach is féidir a bheith ag táirgeadh hidrigine ó leictrealú, go háirithe agus úsáid á baint as leictreachas ó fhoinsí inathnuaite eadrannacha, chun go bhfeidhmeoidh an córas cumhachta go héifeachtúil agus go cobhsaí agus, ag an am céanna, roghanna fadtéarmacha stórála fuinnimh á gcur ar fáil mar aon le solúbthacht bhreise do chothromú an mhargaidh agus an chórais, chomh maith le roghanna solúbthachta eile, amhail bainistiú ar an éileamh ar fhuinneamh agus stóráil leictreachais.

2.6 An gá atá ann dreasachtaí breise a chur ar fáil agus cothrom na Féinne a áirithiú le haghaidh infheistíochtaí dícharbónúcháin amach anseo, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí agus ar rialacha ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair.

2.7 Ról ceannasach an Aontais Eorpaigh sa taighde agus san fhorbairt, i dteicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe, mar shampla i leictrealóirí, i nuálaíocht thionsclaíoch agus in úsáid hidrigine, ar réamhchoinníollacha tábhachtacha iad go léir chun gur féidir le roinnt tionscal dianfhuinnimh, mar aon le roinnt earnálacha iompair, dícharbónú a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe costéifeachtach trí aistriú go hidrigin, ó fhoinsí inathnuaite más féidir, mar bhunábhar, mar bhreosla nó nuair is indéanta mar bhonn do gháis nó leachtanna sintéiseacha laistigh de thimthriallta nua infheistíochta.

2.8 Go bhfuil raon leathan feidhmeanna ann maidir le hidrigin gona díorthaigh i gcásanna nach féidir hidrigin a úsáid go díreach ach, i ngeall ar chostas ard agus infhaighteacht theoranta hidrigine faoi láthair, ba cheart tús áite a thabhairt do réimsí atá gar d'inmharthanacht tráchtála cheana féin, i gcás ina gcuirfidh úsáid hidrigine gona díorthaigh le laghdú astaíochtaí agus ina mbeidh sí fuinneamhéifeachtúil, agus inar féidir móréifeachtaí glasála a sheachaint, nó nach féidir iad a dhícharbónú ar bhealaí eile.

2.9 Gur túsphointe éifeachtúil iad braislí hidrigine áitiúla, amhail 'Gleannta Hidrigine' chun teicneolaíochtaí hidrigine ísealcharbóin agus feidhmeanna mórscála atá sábháilte agus inbhuanaithe a úsáid, agus, ag an am céanna, gurb ionann iad agus éiceachórais iomchuí chun deis a thabhairt poitéinseal slabhraí luacha an Aontais a fhorbairt.

2.10 Go bhfuil ag an mbonneagar idirnasctha tarchuir agus stórála gáis san Aontas réimse deiseanna maidir le tarchur hidrigine amach anseo, i gcás inarb iomchuí.

2.11 Go bhfuil modhanna éagsúla iompair hidrigine ann, chomh maith le cur chuige braislithe maidir le táirgeadh agus tomhaltas, a d'fhéadfadh a bheith éifeachtúil agus a d'fhéadfadh roghanna iontaofa stórála agus soláthair a chur ar fáil, lena n-áirítear hidrigin leachtaithe nó hidrigin atá leabaithe in iompróirí eile fuinnimh.

2.12 Go bhfuil teicneolaíochtaí slán sábháilte ísealcharbóin éagsúla ann chun hidrigin a tháirgeadh ar teicneolaíochtaí iad a rannchuidíonn leis an dícharbónú gasta.

2.13 Gur cheart béim a leagan ar an hidrigin ó fhoinsí inathnuaite i bhfianaise an róil lárnaigh atá aige ó thaobh cuspóir an dícharbónúcháin a bhaint amach, agus nach mór an t-éileamh fuinnimh inathnuaite breise a thagann ó úsáid na hidrigine ó fhoinsí inathnuaite a chur san áireamh agus cumas fuinnimh inathnuaite breise á phleanáil agus á úsáid a thuilleadh.

2.14 An breisluach a bhaineann le tacú le hacmhainneacht táirgthe hidrigine san Aontas agus ar fud an domhain a uas-scálú go tapa chun barainneacht scála a bhaint amach chun margadh iomaíoch agus leachtach a bhunú agus chun infheistíochtaí riachtanacha a mhealladh.

2.15 Na deiseanna chun leas a bhaint as na poitéinsil shuntasacha fuinnimh inathnuaite san Aontas agus i dtríú tíortha agus, ar an gcaoi sin, ní hamháin bonn soláthair fuinnimh na hEorpa a leathnú agus a éagsúlú ach margaí nua d'onnmhairí teicneolaíochta a chruthú agus cabhrú le tríú tíortha ina n-aistriú fuinnimh.

2.16 Go bhféadfadh gabháil agus stóráil carbóin, mar aon le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, go háirithe maidir le hastaíochtaí próisis dosheachanta agus maidir le cur go sealadach le táirgeadh hidrigine inathnuaite chun an margadh hidrigine a uas-scálú, ról a imirt maidir le dícharbónú a dhéanamh i gcás na mBallstát a roghnaíonn an teicneolaíocht sin.

3 AGUS ÚSÁID Á BAINT AICI AS AN MÉID SEO A LEANAS

3.1 Na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, chomh maith le straitéisí tiomnaithe náisiúnta hidrigine chun deiseanna luathaithe a shainaithint, dea-chleachtais a mhalartú, conairí coiteanna a aimsiú, comhar réigiúnach a chothú agus gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais a ailíniú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus, ag an am céanna, a bpointí tosaigh agus a bpoitéinseal éagsúla á n-urramú.

3.2 An tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta agus Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú leis an aistriú glas leis na spriocanna is déanaí aeráide de chuid an Aontais do 2030 a bhaint amach agus cuspóir an Aontais maidir le bheith aeráidneodrach faoi 2050 a chomhlíonadh trí infheistíochtaí i gcruthú margaí luaidhe hidrigine san Eoraip a chothú agus trí thacú leis na Ballstáit an t-éileamh ar hidrigin agus an soláthar hidrigine a uas-scálú le gur féidir iad a úsáid in ionad iompróirí fuinnimh atá dian ar charbón.

3.3 Forálacha an Phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach' lena gcuirtear forbairt ráthaíochtaí tionscnaimh chun cinn maidir le hinrianaitheacht níos fearr na hidrigine ó fhoinsí inathnuaite, lena gcuirtear chun cinn breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san iompar, lena ndírítear ar bhreisíocht agus ar luach saothair cothrom ar sheirbhísí solúbthachta agus córais faoi mar is féidir le hearnáil hidrigine comhtháite a chur ar fáil.

3.4 Margadh inmheánach fuinnimh an Aontais chun táirgeadh hidrigine a uas-scálú d'fhonn barainneachtaí scála a bhaint amach go comhpháirteach, lena n-áirítear samhlacha gnó éagsúla, chomh maith le cur le hinfhaighteacht soláthairtí fuinnimh agus bunábhair, modhanna iompair agus bonneagar stórála a fhorbairt agus deis a thabhairt do thomhaltóirí úsáid a bhaint as an athrú breosla seo, i gcás inarb iomchuí.

3.5 *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Tionsclaíochta Nua don Eoraip] a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i Márta 2020 ina bhfuil tionscnaimh a chuidíonn leis an aistriú déach agus an neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach ach geilleagar oscailte a chaomhnú ag an am céanna, chomh maith le bearta a thugann tús áite do thionscnaimh lena ngintear ionaid oibre, a chuireann dlús le gníomhaíocht nuálach agus a neartaíonn an t-iomaíochas, agus seoladh an Fhóraim nua Tionsclaíochta lena ndéanfar anailís ar éiceachórais thionsclaíocha agus ar shlabhraí luacha agus lena ndéanfar obair ar thionscnaimh reatha a athbhreithniú, a fhorbairt, a luathú agus a chomhordú i gcomhpháirt.

3.6 Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, an bogadh i dtreo dreasacht chuimsitheach um laghdú astaíochtaí, luach airgid a chur ar sheachtrachtaí, an sceitheadh carbóin a sheachaint agus iomaíochas na dtionscal Eorpach a áirithiú ag an am céanna.

3.7 Rialacha bunaithe an Aontais maidir le hiomaíocht chun gur féidir modhanna éifeachtúla stórála agus iompair agus roghanna bonneagair a fhorbairt, i gcás inar gá.

3.8 Creat dlíthiúil agus prionsabail mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais chun iomaíocht, praghsanna inacmhainne agus slándáil an tsoláthair a áirithiú mar bhunús chun cur chuige saincheaptha a fhorbairt i leith rialáil na hearnála hidrigine agus chun margadh leachtach inchoimhlinte don hidrigin a chothú san Aontas.

3.9 Na deiseanna atá ann chun na líonraí idirnasctha Eorpacha gáis nádúrtha agus an bonneagar stórála atá ann cheana a athchuspórú le go bhféadfaidís, b'fhéidir, a bheith ina mbunús le bonneagar tras-Eorpach hidrigine a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, costéifeachtach agus comhordaithe i ndáil le mórionaid táirgthe agus tomhaltais, de réir mar is iomchuí, agus é á admháil ag an am céanna gurb ionann braislí hidrigine agus rogha láithreach ghearrthéarmach agus mheántéarmach maidir le réitigh hidrigine a chur in úsáid.

3.10 Slabhraí luacha idirnáisiúnta, de bhreis ar na comhpháirtithe agus bealaí trádála iontaofa agus ar an gcomhar agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ar fáil lasmuigh den Eoraip mar phoitéinseal maidir le hidrigin inathnuaite atá costasiomaíoch, lena gcuirtear freisin le teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn sna tíortha sin, agus cothrom na Féinne ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus comhshaoil do tháirgeadh hidrigine san Eoraip á cosaint ag an am céanna.

3.11 Ionstraimí comhair lena gcumasaítear tionscadail infheistíochta chomhpháirteacha trasteorann ar mórscála, amhail IPCEI maidir le hidrigin nó trí úsáid a bhaint as comhthairiscintí faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite 2018/2001 maidir le táirgeadh hidrigine ó fhoinsí inathnuaite agus tacaíocht an Choimisiúin don phróiseas sin trí iarrachtaí a chomhordú, treoirlínte a sholáthar, agus an deacracht a bhaineann le margadh hidrigine a bhunú á cur san áireamh agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta á choinneáil ar bun ag an am céanna.

3.12 Formáidí nua comhpháirtíochta le geallsealbhóirí idirnáisiúnta príobháideacha agus poiblí chun plean tionscadal infheistíochta inbhuanaithe a fhorbairt feadh an tslabhra luacha hidrigine, mar shampla faoi chuimsiú an Mhisin um Nuálaíocht agus Chomhdháil Airí maidir le Fuinneamh Glan, chomh maith leis an gcomhar in institiúidí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha, amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) nó an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite (IRENA).

4 SAINAITHNÍONN SÍ GUR GÁ AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

4.1 Go gcuirfeadh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit dlús leis an obair ar chomhtháthú earnála, lena n-áirítear gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh, leictriú díreach agus ról agus rannchuidiú na hidrigine, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite go dícharbónú, téarnamh agus iomaíochas.

4.2 An margadh hidrigine a uas-scálú go tapa ar leibhéal an Aontais ar bhealach inbhuanaithe agus costéifeachtach a dhíríonn go háirithe ar na hearnálacha sin ar deacair iad a dhícharbónú trí mhodhanna eile agus cuair foghlama a úsáid chun an chostéifeachtúlacht a fheabhsú de réir a chéile.

4.3 Poitéinseal an Aontais maidir le hidrigin inathnuaite a fhorbairt go gníomhach ó leictreachas, go háirithe ó na foinsí inathnuaite is costéifeachtúla.

4.4 An infheistíocht phríobháideach a dhreasú, *inter alia*, trí institiúidí, cistí agus ionstraimí airgeadais reatha an Aontais amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, an Plean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe, an Ciste Nuálaíochta, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus trí ionstraimí nuálacha a cheapadh, e.g. conarthaí difríochta le haghaidh carbóin (CCfDanna), lena gcuirtear le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050.

4.5 Treochlár agus straitéis fhadbhreathnaitheach uaillmhianach a fhorbairt maidir leis an aeráidneodracht sna hearnálacha úsáide deiridh maidir le hidrigin chomh maith lena díorthaigh, a urramóidh cineálacha cur chuige earnála agus réigiúnacha agus a éilíonn réitigh bheartais sholúbtha, a rannchuideoidh leis an gcuspóir an tAontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

4.6 Measúnú a dhéanamh ar roghanna bonneagair agus aird á tabhairt ar phatrúin éagsúla chur in úsáid maidir le soláthar éifeachtúil agus inacmhainne don hidrigin intíre agus, i gcás inar gá, don hidrigin allmhairithe gona dhíorthaigh agus an tionchar ar cheapadh creataí iomaíochta agus rialála.

4.7 Cur chuige comhtháite a bhunú don phleanáil gréasáin i dtaca le gach iompróir fuinnimh, agus táirgeadh, iompar, stóráil agus úsáid á gcur san áireamh; b'fhearr leas a bhaint as bonneagair athchuspóraithe an Aontais don iompar hidrigine, agus prionsabal na coimhdeachta á áirithiú ag an am céanna.

4.8 Measúnú a dhéanamh ar réitigh shonracha i réigiúin nach bhfuil chomh nasctha sin, atá forimeallach nó atá scoite faoi láthair, amhail oileáin, chun margadh hidrigine inbhuanaithe agus an bonneagar a bhaineann leis a fhorbairt.

4.9 Úsáid ghníomhach a bhaint as seachtrachtaí dearfacha an táirgthe hidrigine inathnuaite intíre do chomhtháthú an chórais trí éifeachtúlacht agus poitéinseal solúbthachta a ardú agus, ag an am céanna, plódú líonra a sheachaint agus, ar an gcaoi sin, sciar níos airde den táirgeadh fuinnimh inathnuaite a chumasú.

4.10 Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le creat ceaptha margaidh do mhargadh hidrigine trédhearcach, iomaíoch agus leachtach, lena n-áiritheofar sláine na margaí inmheánacha gáis agus leictreachais agus taraifí gréasáin cothroma lena gceadófar solúbthacht samhlacha gnó ag an am céanna.

4.11 Cuntas leordhóthanach a thabhairt ar an ról tacaíochta a bhíonn ag an bpraghsáil carbóin, agus cothrom na Féinne agus iomaíochas idirnáisiúnta a áirithiú ag an am céanna.

4.12 Cothrom na Féinne a áirithiú idir earnálacha agus iompróirí fuinnimh maidir le muirir, cánacha agus tobhaigh ghréasáin.

4.13 An infheistíocht i dtionscadail taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach, ar mhaithe le leas a bhaint as poitéinseal na hidrigine chun an éifeachtúlacht a mhéadú agus sineirgí idir cláir Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun cinn, a rannchuideoidh leis an gcuspóir an tAontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

4.14 Chun timthriallta infheistíochta in earnálacha an fhuinnimh agus na tionsclaíochta a chur san áireamh chun éifeachtaí glasála agus infheistíochtaí báite a sheachaint.

4.15 Chun rogha a thabhairt do thomhaltóirí trí eolas a thabhairt dóibh faoin áit as as tháinig gáis, a loirg CO2 agus gás ceaptha teasa eile a nochtadh feadh na saolré iomláine lena n-áirítear iompar gona modh táirgthe agus gona meascán foriomlán breosla ar mhaithe le caighdeán Aontais a bhaint amach, agus an inrianaitheacht á háirithiú feadh an tslabhra luacha agus leas á bhaint as na hiarrachtaí caighdeánaithe atá déanta cheana féin.

4.16 Úsáid a bhaint as an bpoitéinseal maidir le táirgeadh hidrigine intíre, an comhar idirnáisiúnta maidir le hidrigin á dhoimhniú a thuilleadh ag an am céanna, iarrachtaí a neartú chun allmhairiú hidrigine inathnuaite go háirithe a tháirgeadh agus a chumasú, go háirithe i gcás ina mbeidh ardphoitéinsil fuinnimh inathnuaite ag na comhpháirtithe chun go dtabharfar aghaidh ar an slabhra luacha ar fad ar mhaithe le margadh hidrigine domhanda, iomaíoch, leachtach agus inbhuanaithe a chruthú agus spleáchais allmhairiúcháin á laghdú ag an am céanna.

5 IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

5.1 Seasamh na hEorpa mar cheannródaí sa nuálaíocht agus san iomaíochas tionsclaíoch a neartú trí leas iomlán a bhaint as poitéinseal an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET), trí chomhpháirtíochtaí a neartú agus trí mhodhanna leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh taighde ar na teicneolaíochtaí riachtanacha agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt agus a chur in úsáid, *inter alia* trí bhíthin rialacha státchabhrach athbhreithnithe.

5.2 Straitéis hidrigine an Aontais a ullmhú agus a oibríochtú a thuilleadh, agus an chonair a leagan amach chun cuspóirí an treochláir a bhaint amach le cabhair ó chláir chomhpháirteacha agus ar bhealach costéifeachtúil agus tosaíocht chéadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á hurramú, mar aon le húsáid dhíreach foinsí inathnuaite agus leictriú, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite.

5.3 Tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit maidir le slabhraí luacha straitéiseacha agus iad sin a éascú, go háirithe ceann amháin nó níos mó de na IPCEInna maidir le hidrigin a dhearadh, agus a áirithiú go gcoimeádfar an Chomhairle ar an eolas go rialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar IPCEInna a mhéid a bhaineann le hidrigin agus maidir leis an gComhghuaillíocht Eorpach nua don Hidrigin Ghlan agus treoir maidir le léirmhíniú rialacha státchabhrach an Aontais, go háirithe maidir le hAirteagal 23 den Teachtaireacht (2014/C 188/02).

5.4 Creat cuimsitheach aicmiúcháin agus deimhniúcháin d'iompróirí fuinnimh ghásaigh, hidrigin agus a díorthaigh san áireamh, díorthaigh ó tháirgeadh intíre agus ó tháirgeadh allmhairithe, ina n-áirítear faisnéis faoin inbhuanaitheacht, faoi loirg CO2 agus gás ceaptha teasa eile feadh na saolré iomláine lena n-áirítear iompar agus faisnéis faoina modh táirgthe agus an meascán foriomlán breosla chun inrianaitheacht a áirithiú.

5.5 Modheolaíocht iontaofa inoibrithe an Aontais a fhorbairt le cur i bhfeidhm i gcás ina n-úsáidfear leictreachas chun breoslaí inathnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a bheidh le húsáid in iompar a tháirgeadh bunaithe ar chritéir iomchuí mar a fhoráiltear i dTreoir 2018/2001 maidir le Fuinneamh Inathnuaite, lena n-áirítear critéir bhreisíochta.

5.6 Cuir chuige a leagan amach chun costais infheistíochta báite a sheachaint agus chun a áirithiú nach gcuirfear bac ar an aistriú le héifeachtaí glasála.

5.7 Go gcuirfí san áireamh an deis atá ann slándáil an tsoláthair a fheabhsú trí phoitéinseal táirgthe an Aontais a shaothrú, na deiseanna allmhairiúcháin a éagsúlú a thuilleadh agus spleáchas ar allmhairí a laghdú ar an iomlán agus iontaofacht na gcomhpháirtíochtaí fuinnimh atá ann cheana á haithint ag an am céanna.

5.8 Cruthú braislí hidrigine ar fud an Aontais a chothú, go háirithe i gcás earnálacha úsáide deiridh ar deacair iad a dhícharbónú, agus ag an am céanna tacú leis na Ballstáit na braislí sin a nascadh go fadtéarmach, agus cur leis an bhféidearthacht córais gáis nádúrtha a thiontú de réir a chéile ina gcórais hidriginbhunaithe, i gcás inar gá.

5.9 Feabhas a chur ar an gcreat don phlean forbartha gréasáin deich mbliana (TYNDP) chun go n-áireofar hidrigin ghásach, chomh maith le comhéadain chomhtháite éifeachtacha idir an hidrigin, gás meatánbhunaithe agus pleanáil gréasán leictreachais.

5.10 Leas a bhaint as an athbhreithniú ar Rialachán an Ghréasáin Fuinnimh Thras-Eorpaigh atá beartaithe chun a bhfuil ann a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip chun rannchuidiú leis an aeráidneodracht faoi 2050 agus ar an gcaoi sin chun tacú le forbairt thiomanta eangaí hidrigine, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis de bharr éileamh iontaofa inbhuanaithe, bunaithe, más féidir, ar athchuspórú an bhonneagair gáis reatha[1], sa chás gurb é sin an réiteach cost-éifeachtúil.

5.11 An Rialachán maidir le Staidreamh Fuinnimh a leasú chun hidrigin a áireamh mar tháirge aonair sa staidreamh fuinnimh.

5.12 Aghaidh a thabhairt ar ról tacaíochta na praghsála carbóin agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir léi rannchuidiú a thuilleadh le forbairt an mhargaidh hidrigine.

5.13 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuidíonn dreasachtaí maidir le cánacha agus tobhaigh le barrfheabhsú córas agus ar féidir an mí-leithdháileadh infheistíochtaí a sheachaint leo.

[1] Tagraíonn an téacs seo d'athchuspórú an bhonneagair gáis atá ann cheana. Ní chuireann sé sin bac ar athchuspórú bonneagair gáis atá á fhorbairt nó á phleanáil faoi láthair, lena n-áirítear na tionscadail sin ar tugadh stádas PCI dóibh. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar Bhallstáit nach bhfuil nasctha leis an ngréasán tras-Eorpach gáis.

5.14 Úsáid mhaith a bhaint as príomhphrionsabail an mhargaidh fuinnimh inmheánaigh chun iomaíochas agus comharthaí infheistíochta dea-chothromaithe a áirithiú agus cur chuige atá oiriúnach don fheidhm á fhorbairt maidir le margaí hidrigine atá ag teacht chun cinn a rialáil.

5.15 Aird chuí a thabhairt ar na hidirghníomhaíochtaí idir na codanna éagsúla den chóras fuinnimh, agus tríd an úsáid is fearr a bhaint as éifeachtaí comhthacúla earnáil na hidrigine agus earnáil an leictreachais agus trí éifeachtúlacht agus cobhsaíocht na líonraí a chothú.

5.16 I gcomhar leis na Ballstáit, an comhar idirnáisiúnta a dhoimhniú agus margaí do theicneolaíochtaí agus tráchtearraí Eorpacha a fhorbairt, a mhéid a bhaineann le slabhraí luacha, bealaí trádála agus comhchaighdeáin dhomhanda freisin, lena n-áirítear caighdeáin chomhshaoil agus deimhniúchán, ach i gcás na trádála idir Ballstáit a théann trí thríú tíortha freisin.

5.17 A áirithiú, lena n-áirítear trí noirm agus caighdeáin theicniúla, idir-inoibritheacht na gcóras iompair agus stórála gáis nádúrtha agus hidrigine, lena n-áirítear na córais sin a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo agus atá bainteach le tríú tíortha.

5.18 Na conclúidí reatha ón gComhairle a chur san áireamh nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar Threoirlínte maidir le Státchabhair don Fhuinneamh agus don Chomhshaol (EEAG), chun cur le haeráidneodracht an Aontais in 2050, ar bhealach a sheachnóidh saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus a laghdóidh an baol go mbeadh rásaí fóirdheontais ar bun i measc na mBallstát.